


Tuarascáil Bhliantúil



2010

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Chothromaithe Réigiúnach	9
Cuid 2: Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn	17
Cuid 3: Forbairt Tuaithe	21
Cuid 4: Ciste Infheistíochta WDC	27
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	29
Aguisíní	33
Ráiteas Airgeadais 2010	39
Giorrúcháin	61



TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Mar aon leis an gcuid eile den tír, ba bhliain dúshlánach a bhí in 2010 do Réigiún Iarthar na hÉireann. D’fhan an réigiún taobh thiar den chuid eile den stát i réimsí criticiúla cosúil le hioncam, bochtaineacht agus rannpháirtíocht lucht saothair. Chomh maith leis sin, tháinig ardú in eisimirce, síneadh le dífhostaíocht fhadtréimhseach agus athrú ar chailteanas post ó thógáil chuig earnálacha eile den gheilleagar chun tosaigh le linn na bliana.

Ag sainathint na ndeacrachtaí seo, dhírigh WDC a ghníomhaíochtaí ina phlean straitéiseach do 2010-2012 i dtreo na coinníollacha riachtanacha a chruthú d’fhorás eacnamaíoch agus chumas geilleagrach an réigiúin a uasmhéadú. Chuige seo, tharraing WDC ar thorthaí ó staidéir ón OECD a rinneadh le déanaí a deir nach bhfuil úsáid iomlán á baint as acmhainneacht fáis in áiteanna ina bhfuil éagothromaíochtaí réigiúnacha dianseasmhacha, mar atá i gcás Réigiún an Iarthair.

Shainathin WDC réimsí ina bhfuil acmhainneacht thréan fáis ag Réigiún an Iarthair amach anseo, bunaithe go mór mór ar a chaipiteal daonna, ach leanadh ag sainathint laigí struchtúracha criticiúla chomh maith ina phróifíl geilleagrach, ina bhonneagar agus ina leibhéil nuálaíochta. Leanann WDC ag maíomh nach mbeidh Réigiún an Iarthair in ann ranníocaíocht iomlán a dhéanamh d’fhás geilleagrach náisiúnta go dtí go dtéitear i ngleic leis na heasnamh struchtúracha seo.

Chomh maith leis na dúshláin agus deiseanna atá sa réigiún ag an leibhéal is airde a léiriú, lean WDC lena shraith tionscnaimh forbartha réigiúnaí atá ag cur le fás geilleagrach. Chuaigh an tionscadal RASLRES le maoiniú €2.8m ón AE isteach ina dhara bliain agus beidh sé lárnach i bhforbairt adhmaid a fhástar go háitiúil mar fhoinsé fuinnimh geilleagrach. Tá fostaíocht áitiúil cruthaithe ag an tionscadal cheana féin agus é ag cur le laghdú astuithe carbóin. Méadóidh na deiseanna seo de réir mar a fhorbraíonn an tionscadal.

Lean WDC lena obair úrnua ar forbairt an Gheilleagair Chruthaithe. Ag forbairt thorthaí ár dtuarascála ó 2009 “An tIarthar Cruthaitheach”, chuaigh WDC i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, lena n-áirítear údarais áitiúla agus OÉ Gaillimh chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm. Tugtar le tuiscint sna chéad torthaí ó mheasúnú ar an tionchar geilleagrach i leith na moltaí seo go bhfuil cumas ann na mílte post a chruthú sa Gheilleagar Cruthaitheach faoi 2020. Díreoidh ár ngníomhaíocht in 2011 go príomha ar bhunús margaíochta a forbairt agus ar áiseanna tacaíochta easpórtála don earnáil.



Trínár n-ardán LookWest.ie, lean WDC ag tabhairt sárthaispeántais ar na rudaí maithe inár réigiún don iliomad daoine aonair a bhfuil suim acu i bhforbairtí, go háirithe ár diaspóra idirnáisiúnta sna Stáit Aontaithe agus san RA. Tá an t-uafás ag Réigiún an Iarthair le bheith bródúil as, lena n-áirítear a dhaoine, a thírdhreach, a chultúr agus a oidhreacht. Bhí beagnach 900,000 cuairteoir chuig suíomh LookWest.ie agus tá sé rannpháirteach go gníomhach sna meáin shóisialta nua mar bhealach le fanacht i dteagmháil le daoine ar mian leo fanacht i dteagmháil.

Trí Chiste Infheistíochta an Iarthair (WIF) lean WDC lena iarrachtaí chun an bhearna mhaoinithe atá ann go fóill d'fhiontraíthe maidir le rochtain a fháil ar chaipiteal riosca sa réigiún a laghdú. Cuireadh bac suntasach ar ár n-iarrachtaí de bharr laghdú dian inár leithdháileadh caipitil agus mar thoradh air sin, níor cuireadh aon mhaoiniú ar fáil d'infheistíochtaí nua in 2010. Is saincheist thromchúiseach í seo a gcaithfear dul i ngleic léi in 2011 agus níos faide anonn. Ina ainneoin seo, tá os cionn €37m íoctha amach ag WDC i bhfiontair ó bunaíodh é le 89 fiontar a fhostaíonn os cionn 1,200 duine agus a bhfuil de chumas acu é sin a ardú go 2,500 de réir mar a fhásann agus a leathnaíonn na cuideachtaí seo. Fuarthas €130m eile do na fiontair arna thacú ag WDC de bharr na hinfheistíochta seo ar fiú €37m í. Léiríonn taighde a rinneadh in 2010 ar

phunann cuideachtaí WIF gur íoc na cuideachtaí seo níos mó ná €32m i bpá agus i dtuarastal ar íocadh €8m de leis an státchiste i gcánacha párolla in 2009. Is tionchar an-suntasach é seo ar an ngeilleagar réigiúnach agus náisiúnta mar thoradh ar thionscnamh sonraithe réigiúnach.

Ba bhliain an-ghnóthach a bhí in 2010 do WDC agus féachaimid chun cinn le muinín i dtreo na mblianta amach romhainn, agus fios againn go bhfuilimid i staid mhaith chun cur go mór leis an téarnamh geilleagrach náisiúnta. Tá an t-uafás sócmhainní daonna, cultúir agus nádúrtha ag an réigiún, agus leanfaimid ag cinntiú go n-úsáidtear na sócmhainní sin ar bhealach forásach agus inbhuanaithe chun go dtapóidh an réigiún gach deis atá ann chun a chumas a bhaint amach.

Tá modh oibre comhoibrithe agus comhpháirtíochta le heagraíochtaí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha and pobail ag WDC ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta and idirnáisiúnta. Táim fíorbhuíoch dena heagraíochtaí agus de na daoine uile a chomhoibrigh linn leis na blianta siar agus go háirithe i rith 2010, agus ba mhian liom aitheantas cuí a thabhairt dóibh.




Helen Rochford Brennan
Cathaoirleach,
Coimisiún Forbartha an Iarthair
Márta 2011





RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Members of the WDC Commission and CEO

Ár bhFís

Bheith ina mhol d'fhorbairt straitéiseach gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair.

Ár Misean

Cuirfidh WDC le cumas iomlán Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d'fhonn éifeacht a thabhairt d'ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha shaoránaigh Réigiún an Iarthair.

Feidhmeanna WDC

Is é príomhfheidhm WDC forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Dírítear go háirithe ar earnálacha táirgeachta, ar bhonneagar agus ar phobail thuaithe an réigiúin. Oibríonn WDC le cinntiú go dtugtar suntas i gcónaí do leasanna Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas.

Tá WDC freagrach as bainistiú agus as riarachán Chiste Infheistíochta WDC. Tugann an ciste tiomanta seo aghaidh ar an mbearna mhaoinithe atá le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus fiontair shóisialta sa réigiún trí chaipiteal riosca, cothromas agus iasachtaí a sholáthar ar bhonn tráchtála.




Struchtúr WDC

Tá 12 comhaltaí ar WDC a cheap an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, an tUasal Pat Carey T.D., (feic Aguisín do bhallraíocht 2010).

Faigheann WDC tacaíocht ó fheidhmeannach tiomanta atá lonnaithe in dTeach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá croífhóireann de 15 bhall foirne bhuana ag WDC. Tá saineolas acu seo sna réimsí a leanas: anailís bheartais; forbairt tuaithe agus réigiúnach; infheistíocht; agus riarachán.

Sa mhullach air sin, faighimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha agus ionadaithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha le cuidiú linn lenár gcuid tionscadail éagsúla.


Struchtúr na hEagraíochta



Aidhmeanna Straitéiseacha WDC 2010-2012

- Tionchar bheith aige ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.
- Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Forbairt ar gheilleagar tuaithe a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a sholáthar do SMEnna agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF).
- DC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.

CUID I



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH



FORBAIRT CHOITHROMAITHE RÉIGIÚNACH

Tionchar bheith aige ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.

Cuspóir náisiúnta is ea forbairt choithromaithe réigiúnach agus príomhghníomhaíocht WDC béim a leagan ar a thábhachtaí atá sí, ar a raon agus ar na himpleachtaí le haghaidh beartais earnála agus leathana.

Sraith Coimre Bheartais WDC

Le linn 2010 ghlac WDC céim nua le seoladh sraith nua foilseachán gearr agus inrochtana – Coimre Bheartais WDC. Léiríonn gach ceann de na Coimrí Beartais seo príomh-shaincheist beartais réigiúnaigh agus tugann siad plé agus anailís air.

Foilsíodh an chéad cheann sa tsraith *Cén Fáth a bhfuil na Réigiúin Tábhachtach? Cur chuige nua maidir le beartas*

réigiúnach ('Why care about regions? A new approach to regional policy') i mí Iúil. Ansin foilsíodh an dara ceann, *Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Réigiún an Iarthair? Forbairt réigiúnach a thomhas* ('How is the Western Region doing? Measuring regional development'), i mí na Nollag. Leanfaidh sraith Coimre Bheartais WDC ar aghaidh in 2011 agus is féidir iad a íoslódáil ó www.wdc.ie/publications/reports-and-papers

Cén Fáth a bhfuil na Réigiúin Tábhachtach?

Tá *Cén Fáth a bhfuil na Réigiúin Tábhachtach? Cur chuige nua maidir le beartas réigiúnach* bunaithe ar anailís a rinne WDC agus úsáideann sé torthaí ó obair a rinne ECFE le déanaí ar ról na réigiún agus a gcuireann siad le fás náisiúnta. Léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le hinfheistiú sna réigiúin ar fad agus cuireann sé béim ar an méid ar féidir agus ar chóir do cheantair tuaithe a chur leis an ngeilleagar náisiúnta.

Léiríonn sé nach bhfuil acmhainní na réigiún is lú forbairt á n-úsáid go hiomlán. Cuirfidh sé leis an mborradh geilleagrach náisiúnta, má úsáidtear na hacmhainní agus an cumas féideartha seo nár úsáideadh sna réigiúin cosúil le Réigiún an Iarthair. Tá na réigiúin réidh le freagairt, mar a chonacthas sa bhorradh a tharla i rith an bhorrtha mhóir. Tá sé tábhachtach anois a chinntiú nach gcailltear an dul chun cinn a rinneadh i rith na tréimhse sin.

Léiríonn sé go dtiocfaidh an tairbhe iomlán is mó ó shócmhainní na réigiún tuaithe agus uirbeach araon a úsáid. Caithfear infheistíocht i mbonneagar a chothabháil agus a nascadh le hinfheistíocht i bpríomhphrionsabail an fhiontair, na fostaíochta agus an oideachais, mar aon le spreagadh nuálaíochta. D'aimsigh an OECD go mbíonn borradh réigiúnach agus náisiúnta ann nuair a oibríonn na gnéithe seo le chéile.



Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Réigiún an Iarthair?

Sa dara Coimre Bheartais WDC *Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Réigiún an Iarthair? Forbairt réigiúnach a thomhas*, tugtar gearrchuntas staitistiúil de Réigiún an Iarthair. Léiríonn sé an chaoi a bhfuil an réigiún i mbéal forbartha de réir a chéile agus déantar comparáid idir é agus páirteanna eile den tír. Déantar é seo trí scrúdú a dhéanamh ar réimse táscairí ar leibhéal forbartha reatha an réigiúin agus a chumas fáis amach anseo. Áirítear anseo ioncam, fostaíocht, oideachas, bochtaineacht, bonneagar agus nuálaíocht. Díritear ar fhaisnéis ar na réimsí a sainaithníodh mar thosaíochtaí beartais réigiúnaigh in *Cén Fáth a bhfuil na Réigiúin Tábhachtach? go speisialta*.

Léiríonn na sonraí sa Choimre go raibh feabhas foriomlán i Réigiún an Iarthair ina leibhéal forbartha le linn na mblianta fáis ach d'fhan sé taobh thiar den chuid eile den stát i réimsí criticiúla cosúil le hioncam, bochtaineacht agus



rannpháirtíocht lucht saothair. Shainaithin na sonraí freisin go bhfuil acmhainneacht thréan fáis ag an réigiún amach anseo, bunaithe go mór mór ar a chaipiteal daonna, ach tá laigí struchtúracha tábhachtacha fós ina phróifíl geilleagrach, ina bhonneagar agus ina leibhéal nuálaíochta. Léirítear sa Choimre chomh maith go bhfuil filleadh ar eisimirce, go háirithe i measc dhaoine óg an réigiúin, ar cheann de na dúshláin is mó don todhchaí.

Fostaíocht, Dífhostaíocht agus Margaí Fostaíochta

Leagadh béim ar na patrúin dhifriúla i ngníomhaíochtaí na margaí saothair, ar struchtúir agus ar shaintréithe na fostaíochta agus na dífhostaíochta i gceantair difriúla agus ar an

ngá le freagairt dhírithe sa chor chun donais eacnamaíoch ar na mallaibh. Le linn 2010 thug WDC faoi roinnt gníomhaíochtaí ar na saincheisteanna seo.

Obair san Iarthar: An Dúshlán Fostaíochta agus Dífhostaíochta i Réigiún an Iarthair

Tar éis *Obair san Iarthar* a fhoilsiú ag deireadh mhí na Nollag 2009, chuaigh WDC i bpáirt leis an earnáil phoiblí, leis an earnáil phríobháideach agus le páirtithe leasmhara sa tsochaí shibhialta ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le linn 2010. Pléadh na saincheisteanna, dúshlán agus moltaí do Réigiún an Iarthair atá sa tuarascáil seo sna cruinnithe agus cur i láthair seo. Baineann siad seo leis na trí phríomhdúshlán fostaíochta seo a leanas:

- dul in oiriúint don laghdú ar an bhfostaíocht tógála;
- filleadh imirce daoine oilte; agus

- cur ar fáil oideachais agus oiliúna.

Lean WDC ag déanamh monatóireachta ar an staid fostaíochta agus dífhostaíochta atá ag athrú sa réigiún le linn 2010 agus ghníomhaigh siad mar phríomhacmhainn faisnéise agus beartais ar an tsaincheist seo d'eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla agus réigiúnacha. Áiríodh le saincheisteanna fostaíochta a tháinig chun cinn níos láidre sa réigiún le linn 2010 ardú in eisimirce, síneadh le dífhostaíocht fhadtréimhseach agus athrú ar chaillteanas post



ó thógáil chuig earnálacha eile agus dífhostaíocht mhéadaitheach i measc ban.

Le linn 2010 chuir WDC tús le hobair ar na trí réimse fiontair, fostaíochta agus oideachais agus go háirithe an chaoi ar féidir an caidreamh idir na

trí réimse seo a láidriú chun fás réigiúnach agus cruthú post a neartú. Áireofar leis an obair seo tograí beartais bunaithe ar fhianaise cheapadh le dul i ngleic le dúshlán práinneach dífhostaíochta Réigiún an Iarthair agus foilseofar í in 2011.



Taisteal chuig an Ionad Oibre agus Obaircheantair i Réigiún an Iarthair

Léiríodh torthaí in *Taisteal chuig an Ionad Oibre agus Obaircheantair i Réigiún an Iarthair*, a foilsíodh ag deireadh 2009, do na seacht bpríomh-obaircheantair i Réigiún an Iarthair. Léiríodh anseo méid na n-obaircheantair seo agus an tábhacht a bhaineann leo mar lárionaid fostaíochta mar aon leis an méid gníomhaíocht

gheilleagrach atá bunaithe faoin tuath a aibhsiú. Leanadh ag scaipeadh torthaí na tuarascála chuig páirtithe leasmhara ilchineálacha sa réigiún le linn na bliana. Táthar ag obair ar na hobaircheantair eile i Réigiún an Iarthair faoi láthair.

Aighneachtaí agus Sainchomhairliúcháin

Gné thábhachtach eile de ghníomhaíochtaí WDC le linn 2010 ba ea ionchur a thabhairt do shainchomhairliúcháin bheartais a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta

Réigiún an Iarthair. Tá na haighneachtaí ar fad a rinne WDC le linn 2010 ar fáil ag www.wdc.ie/publications/submissions/subs-2010/

Aighneachtaí ar Dhréacht-Treoirilínte um Pleanáil Réigiúnach

Ceanglaítear ar gach ceann de na hÚdaráis Réigiúnacha athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid Treoirilínte um Pleanáil Réigiúnach (RPGanna) 2004 a chlúdódh an tréimhse chomh fada le 2022. Leagtar amach sna RPGanna an chreatlach straitéiseach le haghaidh pleanála agus fhorbairt inbhuanaithe na n-ocht limistéar Údaráis Réigiúnaigh in Éirinn. Tá ról reachtach níos mó tugtha do na RPGanna agus a gcroístraitéisí lonnaithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2010 lena n-áirítear spriocanna um fhás daonra. Dá bhrí sin, beidh tionchar níos mó ag RPGanna nua ar an bpatrún spásúil i bhforbairt amach anseo ar fud Réigiún an Iarthair.

Ag leanúint ó aighneachtaí in 2009 chuig na sainchomhairliúcháin tosaigh ar na RPGanna athbhreithnithe, le linn 2010 rinne WDC aighneachtaí ar Dhréacht-RPGanna a réitigh Údaráis Réigiúnacha na Teorann, an Iarthair agus an Mheán-Iarthair. Sainithníodh go leor

de na pointí a rinne WDC sna haighneachtaí tosaigh, lena n-áirítear an ról rithábhachtach atá ag forbairt bhonneagair agus an tábhacht a bhaineann le nascálacha idir-réigiúnacha, sna Dréacht-cháipéisí do na trí réigiún. Sainithníodh go leor de na pointí a rinne WDC sna haighneachtaí tosaigh, lena n-áirítear an ról rithábhachtach atá ag forbairt bhonneagair agus an tábhacht a bhaineann le nascálacha idir-réigiúnacha, sna Dréacht-cháipéisí do na trí réigiún. Ar chuid de na saincheistanna eile a d'aibhsigh WDC bhí siad seo a leanas:

- Cumas fiontair agus cruthú post i gceantair taobh amuigh de thairsí agus de mhoil. Tá cumas geilleagrach ag gach ceantar agus ról acu i bhforbairt an réigiúin, cuí dá scála. D'fhéadfaí deiseanna fáis tábhachtacha a chailleadh mura sainithníonn agus mura dtacaíonn RPGanna leo go hiomlán.



- Tá tairbhí substaintiúla le fáil as naisc straitéiseacha idir na réigiúin a neartú. Don Teorainn, don Iarthar agus an Mheán-Iarthar, tá de chumas ag Conair Bhóthar an Atlantaigh idirghníomhaíochtaí idir-réigiúnacha a éascú i dtéarmaí sreabhadh oibre, margáí áitiúla ag leathnú, turasóireachta, rochtana ar sheirbhísí, oideachais agus oiliúna.
- Tá gá práinneach le hinfheistiú bonneagair (iompar, leathanbhanda, fuinneamh) sna réigiúin seo ar fad de bharr a n-easnamh leanúnacha bonneagair. Ní bhain na réigiúin seo an tairbhe chéanna as infheistíocht chaipitil le linn ré an Tíogair Cheiltigh, go háirithe sa cheantar ó thuaidh ó chathair na Gaillimhe agus anois tá laghdú mór ann in infheistíocht bonneagair phoiblí.

Aighneacht chuig Luacháil Meántearma Chlár Oibriúcháin Réigiúnaigh an BMW

Le linn 2010, iarradh ar WDC aighneacht a chur chuig luacháil meántearma Chlár Oibriúcháin Réigiúnaigh na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW) 2007-2013. Áiríodh i measc roinnt de na príomhphointí a rinneadh san aighneacht an timpeallacht sheachtrach a d'athraigh go

radacach ó dearadh an Clár Oibriúcháin i dtosach agus an gá é a shocrú dá réir, an ábharthacht agus cothromaíocht leanúnach idir cuspóirí an chlár agus tábhacht na dtáscairí i ndul chun cinn a thomhas.

Bonneagar

Bonneagar Iompair

Iarnród

Chuir WDC fáilte roimh athoscailt na coda ó Inis go dtí Baile Átha an Rí de Bhealach Iarnróid an Iarthair an 29 Márta 2010. Ceanglaíonn an chuid seo Luimneach le Gaillimh mar aon le foráil a dhéanamh do chónaisc le Corcaigh agus le Port Láirge, ag ceadú do sheirbhísí idirchathracha mar aon le taisteal comaitéara idir lárionaid feadh an bhealaigh. Phléadáil WDC go leanúnach do sheirbhísí iarnróid feabhsaithe chun an réigiún a cheangal le réigiúin eile mar aon le roghanna iompair a fheabhsú sa réigiún do réimse úsáideoirí: úsáideoirí idirchathracha, comaitéara, lastais and turasóireachta. Creideann WDC go bhfuil gá le sceidealadh feabhsaithe chun tairbhí na hinfheistíochta seo a uasmhéadú. D'aibhsigh WDC chomh maith ról a thaighde chun faisnéis a thabhairt maidir le héileamh



taistil, go háirithe in *Taisteal chuig an Obair agus Obaircheantair i Réigiún an Iarthair; Próifíl ar na Seacht mBaile Obaircheantair*, a léirigh go bhfuil an t-éileamh taistil chuig Gaillimh (bunaithe ar shonraí Daonáirimh) níos airde ó thuaidh de chathair na Gaillimhe (as Tuaim), ná ón deisceart (Gort), a thugann le fios cás láidir d'athoscailt an bhealaigh ó thuaidh de Ghailimh.



Aer

Tá rochtain aer idirnáisiúnta ríthábhachtach do gheilleagar oileáin agus tá tábhacht ar leith ag baint léi chun daoine i gceantair forimeallacha a cheangal. Tá rochtain dhíreach idirnáisiúnta fheabhsaithe riachtanach le tacú le forbairt turasóireachta agus le ceadú do ghnólachtaí dul in iomaíocht go héifeachtúil.

Rinne WDC aighneacht le *Athbhreithniú ar Luach ar Airgead Chaiteachas an Státchiste ar Chlár na nAerfort Réigiúnach* ('*Value for Money Review of Exchequer Expenditure on the Regional Airports Programme*') de chuid na Roinne Iompair, a d'aibhsigh ról na n-aerfort i Réigiún an Iarthair mar thaca le forbairt gheilleagrach agus turasóireachta.

Ag sainaithint tábhacht aersheirbhísí idirnáisiúnta don réigiún, choimisiúnaigh WDC staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar Threoirlínte Pobail an AE ar Chúnamh do Ghnólachtaí Nuathionscanta ag fágáil Aerfoirt Réigiúnacha. I gcúinsí teoranta ceadáíonn an AE cúnamh Stáit le tacú le forbairt bealaigh ó aerfoirt réigiúnacha agus déantar cur síos sa staidéar seo ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an scéim i gcleachtas. Áirítear sa staidéar samplaí den scéim i mbun feidhme agus ba chóir go mbeadh suim ag aerfoirt agus ag páirtithe leasmhara eile i Réigiún an Iarthair ann agus ag déantóirí beartais agus ag cinnteoirí ag leibhéal náisiúnta.

Bóithre

Is ríthábhachtach bonneagar bóithre ardchaighdeán maidir le nascacht Réigiún an Iarthair. Choinnigh WDC orthu ag leagan béime ar chomh tábhachtach agus atá bonneagar bóithre le haghaidh fhorbairt gheilleagrach an Réigiúin agus le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar infheistíocht náisiúnta bóithre i rith 2010.



Críochnaíodh mórscéim bhóthair náisiúnta amháin, an M18 Gort-Croisín le linn 2010. Tá an scéim seo mar chuid de Chonair Bhóthar an Atlantaigh (ARC), agus tá rochtain fheabhsaithe agus amanna turais laghdaithe idir Gaillimh agus Aerfort na Sionainne, Inis, Luimneach agus ó dheas go Corcaigh dá bharr. Síníodh conradh chomh maith le linn 2010 don chéad chuid eile den ARC a cheanglóidh an Gort agus tuaisceart Thuama. Táthar ag súil go dtosóidh tógáil in 2011 agus nuair a chríochnófar é beidh seach-chonair ar fáil do Dhroichead an Chláirín, do Bhaile Chláir agus do Thuaim agus nascfar é leis an



mótarbhealach an M6 Gaillimh-Baile Átha Cliath. Pauline might need to amend this sentence as to my knowledge the contract was to commence in Q1 but there is a problem with funding and a question mark over this section

Cé go bhfuil an t-aon mhór-mhótarbhealach uirbeach a fhreastalaíonn ar an réigiún (an M6 Gaillimh-Baile Átha Cliath) críochnaithe anois agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar chodanna theas an ARC, luaigh WDC imní faoi na hamlínte d'uasghrádú bóithre náisiúnta eile

atá ríthábhachtach do Réigiún an Iarthair. Is cúis imní ar leith é seo do bhóithre i gcuid thuaidh an réigiúin cosúil leis an bpríomhbhóthar náisiúnta an N5/N26 a fhreastalaíonn ar Ros Comáin agus ar Mhaigh Eo, an N4 a fhreastalaíonn ar Shligeach agus na codanna den ARC ó thuaidh ó Thuaim. Léirigh WDC imní go mbeadh tionchar ag laghdúithe in infheistiú bonneagair i mbóithre náisiúnta ar cheantair níos lú forbartha, a chuirfeadh srian ar a gcumas do théarnamh geilleagrach.

Bonneagar Fuinnimh

Le deich mbliana anuas, d'oibrigh WDC chun an tábhacht a bhaineann le forbairt bhonneagair fuinnimh a léiriú agus tá anailís déanta acu ar shaincheistanna beartais agus rialála a bhaineann le bonneagar leictreachais agus gáis nádúrtha araon. Aibhsíonn WDC chomh maith an cumas atá ann d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite i Réigiún an Iarthair.

Leictreachas

Is codanna tábhachtacha den bhonneagar a theastaíonn le buntacú le forbairt gheilleagrach an Réigiúin iad cur ar fáil gréasán agus soláthair leictreachais ardchaighdeán dar le WDC. Tá an-chumas geilleagrach don Réigiún ag forbairt an chórais um ghiniúint leictreachais, agus giniúint in-athnuaite go háirithe. Dá bhrí sin, déanann WDC monatóireacht ar fhorbairtí agus ar bheartais ábhartha don earnáil leictreachais agus don earnáil níos leithne fuinnimh agus nochtann siad tuairimí fúthu.

Cuireadh tús le sainchomhairliúcháin ag luathchéim agus obair chúlra ar Fhorbairtí Eangaigh sa réigiún a tugadh breac-chuntas orthu i straitéis Grid25 de chuid EirGrid. Is é an ceann is tábhachtaí díobh seo sa réigiún forbairt tarchur 400kV i Maigh Eo agus i Ros Comáin. Leanann WDC bheith rannpháirteach agus ag cur le sainchomhairliúcháin nuair is cuí, tacaíonn siad le forbairt bonneagar leictreachais agus léiríonn siad tairbhí na hinfheistíochta bonneagair seo do dhaoine sa réigiún.





Gás

Measann WDC gur tábhachtach síneadh an ghréasáin tarchuir gáis nádúrtha ar fud an réigiúin faoi choinne a fhorbartha geilleagraí.

D'fhoilsigh Gaslink "Anailís na mBailte Nua Céim III: Tuarascáil Deiridh", ('New Towns Analysis Phase III: Final Report'), measúnú ar na bailte nach bhfuil ceangailte leis an ngréasán náisiúnta gáis i láthair na huaire, in Aibreán 2010. Bhí torthaí ann a bhain le 39 baile, a bhfuil 12 cheann díobh i Réigiún an Iarthair. Den 39 baile a cuireadh san áireamh sa tuarascáil seo, níor cháiligh ach 4 cinn díobh le haghaidh ceangaltán. Ní raibh ceann ar bith de na bailte seo i Réigiún an Iarthair.

Ba é an tuarascáil seo an t-athbhreithniú deireanach a rabhtas ag súil leis ar cheangaltán gáis do Bhailte Nua le tamall fada. Cheadaigh athbhreithnithe roimhe seo ceangaltán 14 baile sa réigiún. Críochnófar measúnuithe todhchaíocha ar bhailte nua féideartha ar bhonn aonair de réir mar a thagann faisnéis nua chun tosaigh nó má dhéantar forbairtí nua i gceantair aonair den ghréasán gáis nádúrtha. Creideann WDC go meallann gás nádúrtha infheistíocht nua agus forbairtí nua agus go mbíonn gnóthais atá ann níos iomaíche dá bharr.

Teileachumarsáid

Lean WDC ag aibhsiú an tábhacht a bhaineann le bonneagarteileachumarsáide don réigiún agus rinneadh siad aighneacht don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide (Comhairle Réigiúin na hEorpa) ar úsáidí féideartha agus ar roghanna ceadúnaithe amach anseo den bhanda speictream 2.6Ghz. D'aibhsigh an aighneacht obair a rinne WDC roimhe seo ar bheartas Speictrim agus an gá lena chinntiú nach mbeadh aon athrú chuig úsáid beartas speictrim ina chúis mhíbhuntáiste do Réigiún an Iarthair.


Ghlac WDC páirt i ngrúpa stiúrtha faoi stiúir Chomhar na nOileán, a choimisiúnaigh staidéar ar 'Indéantacht áiseanna Físchomhdhála ar na hOileáin' ('The feasibility of Video-Conferencing facilities on the Islands'). Léiríonn príomhthorthaí an taighde suim shuntasach in úsáid áiseanna físchomhdhála chun seirbhísí éagsúla a



sheachadadh, lena n-áirítear seirbhísí oideachais agus sláinte chuig na hoileáin. D'aibhsigh an staidéar ról an bhonneagair leathanbhanda i bhfeabhsú shaol mhuintir an oileáin agus a thábhacht féideartha i soláthar seirbhíse. Tá sé dóchúil go mbeidh torthaí comhchosúla i bhfeidhm i ngach ceantar tuaithe. Ag eascairt as an staidéar, tá sé i gceist go n-úsáidfear áiseanna físchomhdhála ar roinnt oileán faoi réir maoiniú.



CUID 2



NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN
LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ
A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN
IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN IARTHAIR A CHUR CHUN CINN



LookWest.ie an treoir ar líne maidir le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair in Éirinn

Sheol WDC LookWest.ie in 2004 chun faisnéis a chur ar fáil do dhaoine taobh amuigh de Réigiún an Iarthair a bhí ag smaoineamh ar bhogadh chuig an Iarthar le cónaí ann nó chun fostaíocht a fháil ann nó chun gnó a bhunú ann. Cuireann sé faisnéis ar fáil faoi réimse ábhar idir aonaid ghoir le haghaidh gnó nua, chuardach poist agus réadmhaoine sonrach don réigiún agus ár gclár scileanna inar féidir le daoine a gcuid scileanna agus taithí a chur i dtaifead le próifíl den chumas,

de na cáilíochtaí agus den taithí ar a bhfuil fáil san Iarthar a chruthú. Uirlis thábhachtach is ea an phróifíl seo de chumas agus de thaithí maidir le hinfheistíocht isteach a mhealladh chun an réigiúin. Is é is tábhachtaí, nuair a bhímid thíos le sriantacht gheilleagrach, leanúint ar aghaidh agus tairbhí, nuálaíocht agus cruthaitheacht Réigiún Iarthar na hÉireann a chur in iúl ionas go mbíonn sé ar chumas an Réigiúin teacht i dtír ar théarnamh geilleagrach.

Príomhghnóthachtálacha in 2010

Tionscnamh diaspóra **LookWest.ie** :

Le linn 2010, lean **LookWest.ie** ar chothú caidrimh leis an diaspóra Éireannach agus é mar sprioc infheistíocht isteach i Réigiún an Iarthair a mhéadú. Láidriú WDC naisc leis an bpobal easaoránach agus na gnólachtaí agus tionscadail nuálacha atá i mbun feidhme i Réigiún an Iarthair. Bhí bunú agus forbairt nasc agus caidreamh le hAmbasáid na hÉireann agus le hoifigí Consalachta, agus le gnólachtaí agus le gréasáin shóisialta thar lear, bainteach leis seo.

Chuir seo, chuir **LookWest.ie** tús le roinnt tionscnamh póilítacha chun Seaimpíní a shainaithint do Réigiún Iarthar na hÉireann i láithreacha idirnáisiúnta a roghnaíodh go straitéiseach chun comhpháirtíochtaí comh-thairbheacha agus dinimiciúla a chruthú a fhásfaidh chun na riachtanais mhargaidh riachtanacha a shásamh.

Is é seo a leanas tionchar na teagmhála seo:

- Reáchtálfar an chéad Siompóisiam Dlí S.A.M./na hÉireann i gCathair na Mart, Contae Mhaigh Eo ón 11-13 Bealtaine 2011. Beidh Cumann Féineachais Philideilfia ('Brehon Law Society of Philadelphia') ina n-óstaigh don Siompóisiam idirnáisiúnta seo atá aillínithe go láidir le ról WDC i dtiomáint an gheilleagair réigiúnaigh; tá tacaíocht á fáil don Siompóisiam ó WDC, i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Scoil Dlí Beasley in Ollscoil Temple i bhFilideilfia ('Temple University Beasley School of Law'). Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.brehonsymposium.com



Sa ghrianghraf seo ó sheoladh Chéadsiompóisiam Dlí S.A.M./na hÉireann in Óstán Theach Chnoc Raithní ('Knockranny House Hotel') i gCathair na Mart tá (ó chlé):

Ar chúil: Evan O'Dwyer (Uachtarán Chomhlachas Barra Aturnaetha Mhaigh Eo), Danny McLaughlin (Allergan)

Sa lár: Peter Hynes (Bainisteoir Contae Mhaigh Eo), Ward McEllin (Iar-Uachtarán an Dlí-Chumainn), Joanne Grehan (Coimisiún Forbartha an Iarthair), John O'Malley (Cumann Féineachais Philideilfia).

Chun tosaigh: Michael Burke (Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo), an Breitheamh Séamus Hughes, Tereasa McGuire (Cathaoirleach Chomhairle Baile Chathair na Mart), Kevin Kent (Cumann Féineachais Philideilfia), Joseph T Kelley (Uachtarán Chumann Féineachais Philideilfia)

Reáchtálfar an Siompóisiam i gCathair na Mart, Contae Mhaigh Eo ón 11-13 Bealtaine.

- Cuireadh Réigiún an Iarthair chun cinn mar shuíomh tarraingteach d'fhiontar ag cruinniú de chuid Ghréasán Gnólachta Shligigh i Londain do mhuintir an Iarthair a bhfuil a mbunús gnó acu i Londain. Bhí an t-imeacht mar chuid d'obair leanúnach WDC chun an tIarthar a chur ar bhóthar téarnaimh gheilleagraigh, agus cuireadh fáilte roimh ghnólachtaí agus údarais áitiúla ó Réigiún an Iarthair bheith páirteach agus freastal ar an imeacht.

Facebook, Twitter agus E-zine.



Fás i Lucht Féachana:

Tháinig fás 22 faoin gcéad ar an trácht chuig LookWest.ie in 2010 ag mealladh meánlíon 21,000 cuairteoir chuig an suíomh gach mí. Go suntasach, tá beagnach 900,000 cuairt tugtha ar LookWest.ie go dáta le fás lucht féachana an-láidir thar na cainéil mheáin shóisialta ar fad, áit a bhfuil anois:

- Facebook – 2,400 lucht féachana
- Twitter – 1,175 leantóir
- LinkedIn – 475 ball

Gradaim:

- Bronnadh 'Suíomh Gréasáin Ríomh-Rialtais is Fearr' ar LookWest.ie ag Dámhachtainí Chumann Idirlín na hÉireann.
- Ainmníodh LookWest.ie mar iomaitheoir sa chomórtas ceannais sa chatagóir 'Feachtas is Fearr na Meán Sóisialta' ag Dámhachtainí Gréasáin na hÉireann.
- Aithníonn Monatóir Mheáin Shóisialta na hÉireann: LookWest.ie ar uimhir 7 de Chomhlachtaí Stáit na hÉireann atá gníomhach ar Facebook.


LookWest.ie – As Gaeilge

In 2010, sheol WDC a shuíomh gréasáin LookWest.ie as Gaeilge.




**FINALIST 2010
IRISHWEB
AWARDS**

CUID 3



FORBAIRT TUAITHE



FORBAIRT TUAITHE

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe

Fuinneamh In-Athnuaite

Acmhainní Áitiúla – Fuinneamh Áitiúil – Réitigh Áitiúla – Poist Áitiúla



RASLRES – Tionscnamh na hEarnála Bithfuinnimh

Is tionscadal bithfuinnimh ilnáisiúnta €2.8 milliún a fhaigheann maoiniú AE atá in RASLRES a dhéanann iarracht an líon gnóclachtaí áitiúla atá páirteach san earnáil sna ceantair comhpháirtíochta tionscadail a shíneadh. Is é WDC an comhpháirtí tionscadail ceannais le comhpháirtithe tionscadail ón tSualainn, Albain, Tuaisceart Éireann, Oileáin Fharó agus ó Phoblacht na Fionlainne

barra fuinnimh ag díriú ar chuiscreach agus breoslaí muirí bithmhaise ag díriú ar fheamainn. Reáchtáladh seoladh tionscadail na hÉireann leis an Aire Pat Carey T.D. ar an 29 Aibreán.

Ar an 7 Meán Fómhair 2010, bhí an tAire Tony Killeen T.D. i gceannas ar sheoladh idirnáisiúnta tionscadal RASLRES i gCaisleán Bhun Raite, Contae an Chláir. Áiríodh leis na réitigh a beartaíodh don tionscadal comhpháirtíochtaí nua comhoibríocha idir soláthróirí agus táirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus úsáideoirí deiridh nó tomhaltóirí trí thaighde agus treorú tionscnaimh ar leith, ag breisiú ról agus thionchar chomhlachtaí na hearnála poiblí trí athchóiriú beartais, réitigh thráchtála inbhuanaithe a aimsiú le haghaidh úsáideoirí deiridh agus soláthróirí/próiseálaithe araon agus cláir sheirbhíse chomhairleacha a fhorbairt agus rannpháirtithe a chumasú chun na scileanna riachtanacha a fháil chun forbairtí margaidh a chur i bhfeidhm agus a spreagadh.

The RASLRES website:
www.raslres.eu



Téann RASLRES chuig croílár an phobail áitiúil trí acmhainní agus daoine áitiúla a úsáid chun réiteach iomlán a thabhairt maidir le fuinneamh in-athnuaite agus dá réir sin ag cothú post agus deiseanna dár bpobail. Tá RASLRES á mhaoiniú ag INTERREG IVB – an Clár Forimill Thuaidh. Dírionn an tionscadal ar ghníomhaíochtaí píolótacha i ndáil le fuinneamh adhmaid,



RASLRES i Réigiún an Iarthair

Tacóidh RASLRES le fás san earnáil fuinneamh adhmaid i Réigiún an Iarthair trí sheirbhísí praiticiúla a sheachadadh chuig rannpháirtithe margaidh agus trí thionchar a imirt ar fhorbairt beartais. Le linn 2010 chuir RASLRES tús le réimse gníomhaíochtaí don earnáil a dhírigh ar thionscadail phíolótacha roghnacha chun:

- lúba logánta de sholáthar agus éileamh bhreosla adhmaid a thógáil trí choirí adhmaid nua nó reatha.
- cur chuige dea-chleachtais a chur ar fáil le tacú le forbairt tionscail.
- cabhrú le mais chriticiúil agus scála in earnáil fuinneamh adhmaid an réigiúin a thógáil.
- tacú le pleananna infheistíochta agus cabhrú le maoiniú tionscadail a fháil.

Glacann RASLRES le cur chuige slabhra soláthair iomlán – ag féachaint ar an slabhra fuinnimh ó sholáthar (i.e. táirgeoirí/próiseálaithe breosla) go héileamh (i.e. úsáideoirí fuinnimh). Áirítear leis na seirbhísí don earnáil fuinneamh adhmaid:

- soláthar réimse seirbhísí tacaíochta teicniúla agus comhairleora gnó do chliaint roghnacha atá ag cur tionscadail fuinneamh adhmaid chun cinn sa réigiún.
- faisnéis mhargaidh agus faisnéis a ghiniúint le tacú leis an earnáil e.g. tuar acmhainní ón earnáil phríobháideach foraoiseachta, measúnú ar chumas fuinnimh bairr, cás-staidéir theicniúla agus ghnó.
- rochtain a fháil ar shaineolas idirnáisiúnta agus éascú líonrú le margai AE.

Tionscadail Píolótacha

Le linn Márta agus Aibreán bhí gairm tograí oscailte ag RASLRES agus chuaigh siad i mbun sainchomhairliúcháin tionscail ar fud an réigiúin. Tar éis próiseas roghnúcháin, roghnaíodh ocht dtionscadal píolótacha le hoibriú le RASLRES agus fuair gach cliant réimse seirbhísí sainchomhairliúcháin teicniúla agus gnó bunaithe ar a riachtanais tionscadail ar leith. Cuirfear an taighde agus an anailís a ghintear do gach tionscadal píolótach ar fáil go poiblí de réir mar a fhorbraíonn an tionscadal agus cuirfidh sé seo faisnéis margaidh ar fáil don earnáil bhithfhuinnimh sa réigiún.

Áirítear sna tionscadail píolótacha:

Comhairle Contae Shligigh – nithe inseachadta de na staidéir féidearthachta do dhá shuíomh; téama tógáil i seilbh phoiblí ag údarás áitiúil.

Comhairle Contae Dhún na nGall – nithe inseachadta de na staidéir féidearthachta agus athbhreithniú ar an bpróiseas tógála i seilbh phoiblí ag roinnt suíomhanna ar fud gníomhaireachtaí poiblí éagsúla; téama ról an údarais áitiúil mar spreagthóir margaidh.

Teagasc, Baile Átha an Rí – nithe inseachadta do shuiteáil coire ag campas Bhaile Átha an Rí; téama saincheistanna tógála i seilbh phoiblí.

Tionscadal Fuinneamh Adhmaid Chontae an Chláir – nithe inseachadta do leabhrán faisnéise don mhargadh adhmaid tine; téama saincheistanna slabhra soláthair agus uirlis margaíochta d'fhoraoiseoirí feirme.

Connaught Gold – nithe inseachadta d'athbhreithniú teicniúil agus airgeadais ar shuiteáil do ghal uisce agus/nó teas lena n-áirítear samhltú soláthair breosla; téama próiseas tionsclaíoch úsáideoir fuinneamh teasa.



Ag freastal ar sheoladh
RASLRES i gCaisleán Bhun Raite:
Mary Keaveney (WDC),
Martina Minogue (WDC),
Jim Devenney (WDC),
Bernadette Phelan (WDC),
Tony Killeen T.D., an tAire Cosanta,
Diarmaid Mulcahy (WDC),
Pat Gilmore (WDC)
agus Ian Brannigan (WDC)



Arramara Teo – nithe inseachadta d'athbhreithniú teicniúil agus airgeadais ar shuiteáil próiseas teasa, le rianú slis adhmaid agus millín; lena n-áirítear samhaltú soláthair breosla; téama próiseas tionsclaíoch úsáideoir teasa.

Energy Crops Ltd – nithe inseachadta d'athbhreithniú ar thograí teilithéimh; téama saincheistanna d'úsáid teilithéimh.

Donegal Woodland Owners Co-operative – indéantacht teicniúil agus forás plean gnó i dtreo bhunú cuideachta soláthar fuinnimh d'fhonn conarthaí teasa a sholáthar d'úsáideoirí deiridh féideartha.

Clár Margaidh – Príomh-bhuaicphointí

Ceardlann: Reáchtáladh é i mí na Samhna i gClár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo agus dearadh an cheardlann chun saineolaithe tionscail a thabhairt le chéile agus chun rath go dtí seo iad siúd atá rannpháirteach i dtionscadail phíolótacha RASLRES a léiriú. D'fhreastail os cionn 60 toscaire ar an ócáid.

Turas Staidéir Infheisteoirí: Le linn Dheireadh Fómhair sheachaid WDC turas staidéir chuig Garbhchríocha agus Oileáin na hAlban. Ó na cuairteanna suímh agus cruinnithe éagsúla, fuair an grúpa léargas ar na príomh-shaincheistanna maidir le tús a chur le tionscadail fuinneamh adhmaid agus iad a sheachadadh san earnáil phoiblí. Ba iad príomhthorthaí an turais:



Foireann Chomhairliúcháin RASLRES: Paddy Donovan, Bernadette Phelan (WDC), Steve Luker, Ian Brannigan (WDC), Fred Tottenham agus Tom Bruton.

- Cuireadh cliaint ar an eolas maidir le cumas úsáide ar mhargadh ar scála leathan agus na coinníollacha riachtanacha chun fás a bhaint amach.
- D'fhorbair cliaint eolas méadaithe ar conas a dtograí aonair féin a chur chun cinn.
- Feasacht mhéadaithe i measc chomhpháirtithe na hearnála poiblí maidir leis na deiseanna san earnáil fuinneamh adhmaid.

Rannpháirtíocht Tionscail: Reáchtáladh teacht le chéile den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Réigiúnach i Márta i gCora Droma Rúisc.

Faisnéis Mhargaidh: Tá RASLRES ag spreagadh dul chun cinn i bhforbairt bunachair sonraí tionscail, próifíl acmhainne breosla réigiúnaigh agus faisnéis tionscail ábhartha eile. Foilsíodh ríomhíris tionscail i mí na Samhna.

Geilleagar Cruthaitheach

In 2010, rinne WDC iarracht clár gníomhaíochta praiticiúla a chur ar aghaidh chun an clár gnó a athrú i bhfás deiseanna fostaíochta, táirge agus margaidh don 4,775 gnólacht a sainaithníodh roimhe sin sa gheilleagar cruthaitheach réigiúnach. Shainaithin WDC na réimsí criticiúla forbartha cheana féin ina anailís in 2009 ar an ngeilleagar cruthaitheach i Réigiún an Iarthair – *An tIarthar Cruthaitheach*.

Ag gníomhú ar an anailís earnála seo rinneadh sraith tionscnamh le dul i ngleic leis na príomh-mholtaí a leagadh amach sa tuarascáil – *An tIarthar Cruthaitheach*, lena n-áirítear:

- **Measúnú ar Thionchar Geilleagrach (EIA) ar thacaíocht easpórtála don Gheilleagar Cruthaitheach** – Rinne OÉG EIA thar ceann WDC ag deireadh 2010 ar an méid fáis a bhféadfaí a fhabhrú chuig gnólachtaí cruthaitheacha an réigiúin dá dtabharfaí tacaíocht dóibh ina leibhéal easpórtálacha a mhéadú. Den 235 gnólacht a ndearnadh teagmháil leo, d'fhreagair 98 go díreach agus ghlac 19 eile páirt in agallaimh duine le duine mionsonraithe. Léiríonn na réamhthorthaí go bhféadfaí níos mó ná 10,000 deis bhreise fostaíochta a dhaingniú faoi 2020 san earnáil trí thacaíocht easpórtála.

- **Imeall Cruthaitheach – Clár Fáis Easpórtála** – Léirigh anailís WDC ar earnáil na dtionscal cruthaitheach nach bhfuil 66% de ghnólachtaí cruthaitheacha rannpháirteach go gníomhach sa mhargadh domhanda, ag fáil níos lú ná 5% dá láimhdeachas iomlán ó easpórtálacha. In 2010 thosaigh WDC ar thionscnamh forbartha chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo. Faomhadh é do mhaoiniú ullmhúcháin AE agus táthar ag súil go bhfaighidh an tionscnamh maoiniú iomlán in 2011.

- **Comhdháil an Chraoibhín:** Bhí Comhdháil an Chraoibhín 2010 ar siúl an 15 Deireadh Fómhair in Óstán Abbeyfield i mBealach an Doirín, Contae Ros Comáin. D'oscail Mary Hanafin T.D., an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, an Chomhdháil go hoifigiúil, a leag béim ar Ról na Cruthaitheachta san Oideachas, sa Nuálaíocht, sa Gheilleagar agus sa tSochaí. Ba é seo an dara ceann de thrí Chomhdháil an Chraoibhín a dhíríonn ar Earnáil na Cruthaitheachta. Cuireann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Ros Comáin an chomhdháil i láthair, i bpáirt le WDC. Cuireadh cruth úr ar an gComhdháil mar dheis taighde ar Earnáil na Cruthaitheachta agus é ina sprioc go mbeidh tionchar ar bheartais agus ar chlár áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.


Feic www.roscommonarts.com/hyde le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin gcomhdháil.



Michael John Gorman, Stiúrthóir bunaidh an Ghailearaí Eolaíochta ag TCD, Lisa McAllister (WDC), Dara Calleary T.D., Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Tony Ward, Méara Chomhairle Contae Ros Comáin, Frank Dawson, Bainisteoir Contae Ros Comáin agus Kathleen Martin, Stiúrthóir Seirbhíse, CDB Ros Comáin.



CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC



CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC

Caipiteal riosca a sholáthar do SMEnna agus d'fhiontair shóisialta

Ciste ag soláthar caipitil riosca (síolchaipiteal agus caipiteal fiontair agus maoiniú iasachta) d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEnna) faoi bhainistiú WDC é Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF). Téann sé i ngleic le teip mhargaidh na hearnála príobháidí i dtaca le soláthar caipitil riosca d'fhiontair i Réigiún an Iarthair. Infheistíonn WDC ar théarmaí tráchtála agus is inaisíochta an uile infheistíocht.

Go nuige seo, d'infheistigh WDC €37 milliún i 89 cuideachta sa Réigiún. Is fiontair an gheilleagair chliste iad tromlach na SMEnna a dtugtar tacaíocht dóibh. Tá 1,200 duine fostaithe sna fiontair seo agus táthar ag tuar go méadóidh an leibhéal fostaíochta seo chuig 2,500 de réir mar a mhéadaíonn agus a fhásann na cuideachtaí seo. Mar Chiste Leantach infheistítear na brabúis uile ar ais sa réigiún.

In 2010 rinne WDC suirbhé ar chuideachtaí punainne le tionchar geilleagrach na gcuideachtaí a ndearna siad infheistiú iontu sa réigiún a fháil amach. Léiríonn príomhthorthaí in 2009 gur íoc cuideachtaí punainne WDC €32 milliún i dtuarastail agus pá, a ndeachaigh €8 milliún de ar ais chuig an státchiste i gcánacha párolla.

In 2010 d'infheistigh WDC €765,660 i gcúig fiontar a chuireann fostaíocht ardoilte ar fáil in earnálacha ó fheistis leighis go forbairt bogearraí go déantúsaíocht ardteicniúil. De bharr infheistiú WIF bhí €5 mhilliún d'infheistíocht bhreise sa Réigiún san iomlán; fuarthas €6.70 d'fhiontair an Iarthair ar gach €1 de mhaoiniú WDC a infheistíodh trí WIF.

In 2010, bhí leithdháileadh státchiste €492,000 ag WIF a léirigh ciorrú 88% ar bhuiséad WIF mar a leagadh amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013. De bharr an laghdaithe shuntasach seo sa leibhéal maoinithe, ní raibh WDC in ann infheistiú a dhéanamh in aon chuideachta nua in 2010. B'éigean do WDC infheistíocht a chur in ord tosaíochta de bharr an líon teoranta maoinithe a bhí ar fáil dá cuideachtaí punainne reatha d'fhonn luach na punainne a chosaint agus na cuideachtaí seo agus na poist a dtacaíonn siad leo a chosaint.

